



An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta
National Economic & Social Development Office NESDO

Annual Report

For the year ended 31 December **2021**



An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta
National Economic & Social Development Office NESDO

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta
National Economic & Social Development Office **NESDO**



Tuarascáil Bhliantúil Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

Ábhar

1	Ráiteas ón gCathaoirleach	1
2	An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta	4
3	Beartais Chuntasaíochta NESDO	14
4	Aguisín 1: Comhaltas Boird NESDO	18
5	Aguisín 2: Comhaltas Comhairle NESC	18
6	Aguisín 3: Ráitis Airgeadais arna síniú ag Bord NESDO	20

Caibidil 1

Ráiteas ón gCathaoirleach

Ráiteas ón gCathaoirleach

Bunaíodh an Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO) faoin Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006.

Tá NESDO ina chomhlacht corparáideach don Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESC) a thugann comhairle don Taoiseach maidir le saincheisteanna beartais straitéiseacha a bhaineann le forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialach agus chomhshaoil in Éirinn.

Cuireann NESDO seirbhísí iomlána riaracháin agus tacaíochta ar fáil don NESC agus déanann sé tuarascálacha, moltaí agus conclúidí a eascraíonn ó thionscadail arna gcur i gcrích ag an NESC a chur faoi bhráid an Rialtais agus déanann sé socrú chun míreanna dá leithéid a fhoilsiú ina dhiaidh sin.

I dTreoirínte Beartas agus Nósanna Imeachta NESDO, leagtar amach socruithe rialachais chorparáidigh na hOifige, lena n-áirítear feidhmeanna agus freagrachtaí Bhord agus fhoireann NESDO. Comhlíonann na Treoirínte an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus déantar athbhreithniú orthu ar bhonn rialta. Táim sásta go gcomhlíonann NESDO na Treoirínte.

Thionóil Coiste Iniúcháireachta NESDO ceithre chruinniú le linn na bliana 2021: an 23 Márta, an 22 Meitheamh, an 21 Meán Fómhair agus an 14 Nollaig. Ar an gCoiste bhí:

An tUasal Nigel Clarke (Cathaoirleach), Roinn an Taoisigh

Edna Jordan, Uasal, NESC

An tUasal Cillian Doyle, Roinn an Taoisigh

Feidhmíonn an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí (IAU) i Roinn an Taoisigh mar acmhainn do Bhord agus bainistíocht NESDO trí chinnteacht a chur ar fáil maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht chórais rialuithe inmheánacha na heagraíochta lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochtúla agus comhlíonta mar aon le bainistíocht riosca.

I ndoiciméad Nósanna Imeachta um Rialú Airgeadais Inmheánach NESDO, leagtar amach na nósanna imeachta agus caighdeáin chuntasaíochta atá i bhfeidhm, lena n-áirítear nósanna imeachta agus caighdeáin chuntasaíochta d'airgead tirim, párolla, fáltais, íocaíochtaí, taisteal agus costais, soláthar, sócmhainní seasta, slándáil i dteicneolaíocht faisnéise, rialuithe buiséid agus taifid a bhainistiú agus a choinneáil.

Le linn na bliana 2021, rinne Coiste Iniúcháireachta NESDO athbhreithniú ar an gClár Bainistíochta Rioscaí & an Clár Rioscaí IT, Seicliosta Éifeachtachta an Choiste Iniúcháireachta, na Ráitis Airgeadais (2020), an Chairt Iniúcháireachta Inmheánaí, an

tAthbheithniú Bliantúil ar Rialuithe Inmheánacha agus an Tuarascáil Iniúchóireachta maidir le Soláthar. Níor aimsíodh aon saincheisteanna suntasacha. Dheimhnigh an Coiste Iniúchóireachta go rabhtas sásta le leordhóthanacht agus oiriúnacht an chórais rialuithe inmheánaigh laistigh de NESDO.

Is ag an duine céanna atá na poist mar Phríomhoifigeach NESDO agus Stiúrthóir NESC, a íoctar i leith a phoist mar Stiúrthóir NESC agus nach bhfaigheann luach saothair, díolaíocht ná costais bhreise i ndáil lena ról mar Phríomhoifigeach NESDO. Íoctar bailí foirne ar fad NESDO agus NESC, lena n-áirítear an Príomhoifigeach/Stiúrthóir, i gcomhréir leis na ciorcláin phá ábhartha atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Táim sásta go gcomhlíonann NESDO na ciorcláin seo.

Tá NESDO dúthrachtach faoina oibleagáidí faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 a chomhlíonadh. Le linn na bliana, cloíodh lena bheartas maidir le gach sonrasc a shocrú laistigh de chreataí ama forordaithe, agus 98.11% dá íocaíochtaí déanta laistigh de 15 lá ar fhógra a fháil. Bhí dhá shonrasc faoi réir Úis um Íoc Pras sa bhliain 2021.

I gcaitheamh na bliana 2021, chloígh foireann NESDO go hiomlán leis na treoirlíne Náisiúnta Sláinte agus Sábháilteachta maidir le cianobair le linn Covid-19. Rinneadh prótacail dhochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun bainistiú a dhéanamh ar aon ghníomhaíochtaí ar an láthair a mheas an Bainisteoir Riaracháin agus an Príomhoifigeach a bheith riachtanach.

Dearbhaím nár tharla aon teagmhas iarchláir chomhardaithe suntasach le linn na bliana 2021.

John Callinan

Cathaoirleach

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta

Caibidil 1
An Chomhairle Náisiúnta
Eacnamaíoch agus Shóisialta

Clár Oibre NESC don bhliain 2021

D'fhoilsigh NESC na tuarascálacha seo a leanas sa bhliain 2021:

An Téarnamh a Bhunú ar Fhorbairt Inbhuanaithe: Ráiteas ón gComhairle (Tuarascáil NESC Uimh.152):

Sa tuarascáil seo, leagann an Chomhairle amach an tábhacht agus an luach atá leis an téarnamh a bhunú ar fhorbairt inbhuanaithe. Áitítear go bhfuil athshocrú ó thaobh uailmhéine agus gnímh ag teastáil chun astaíochtaí a laghdú agus bithéagsúlacht a thabhairt ar ais agus go bhféadfadh sé seo téarnamh i ndiaidh na paindéime a spreagadh freisin. Áitítear go bhfuil gá le haghaidh a thabhairt ar an dúshlán agus a fheiceáil gur féidir athrú, de réir mar a léiríodh sa fhreagra a tugadh ar an bpaindéim Covid-19, chun dul i ngleic leis na géarchéimeanna maidir leis an athrú aeráide agus bithéagsúlacht.

Oileán Comhroinnte: Páipéar Scóipeála maidir le Tionscadail, Dul chun Cinn & Beartas (Tuarascáil NESC Uimh.153):

Leagtar amach sa tuarascáil seo an chaoi a raibh sé i gceist ag NESC freagra a thabhairt ar iarraidh ó Roinn an Taoisigh tuarascáil chuimsitheach a chur i dtoll a chéile maidir le hOileán Comhroinnte. Déantar cur síos ar an gcaoi a raibh sé i gceist ag NESC é seo a dhéanamh ar bhealach ionchuimsitheach, trí dhul i dteagmháil le gach pobal agus traidisiún ar an oileán agus comhaontú a bhaint amach maidir le todhchaí chomhroinnte, agus béim á leagan ar réimsí comhoibrithe inghníomhaithe.

Ionchuimsiú Digiteach in Éirinn: Nascacht, Gairis & Scileanna (Tuarascáil NESC Uimh.154):

Áitítear sa tuarascáil seo go gcuideodh straitéis um ionchuimsiú digiteach le haghaidh a thabhairt ar riachtanais 'digiteacha' daoine nach bhfuil mórán cur amach acu ar theicneolaíochtaí digiteacha go fóill. Áitítear sa tuarascáil seo go gcuirfeadh sé seo leis an infheistíocht mhór atá déanta in Éirinn i nascacht leathanbhanda agus go gcuideodh sé le cuideachtaí, go háirithe micreaghnónna, a bheith in iomaíocht le heacnamaíochtaí beaga oscailte eile ar bhealach éifeachtach. Áitítear sa tuarascáil go bhféadfadh straitéis um ionchuimsiú digiteach a bheith ina príomh-mhodh chun dul i ngleic le heisiamh sóisialta sna blianta atá le teacht, rud atá fíorthábhachtach.

Creat Folláine na hÉireann: Tuarascáil Chomhairliúcháin (Tuarascáil NESC Uimh.155):

Bhí éifeachtaí móra ag Covid-19 ar fholláine na sochaí agus na heacnamaíochta. Tá gealltanas tugtha ag Éirinn bearta nua a fhorbairt i leith folláine agus dul chun cinn, agus sa tuarascáil seo ón gComhairle, cuirtear torthaí i láthair ó chomhairliúchán a ceapadh lena chinntiú go mbeadh tionchar ag tosaíochtaí saoránach agus páirtithe leasmhara ar an gcreat. Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin, chuathas i dteagmháil le réimse leathan páirtithe leasmhara agus saineolaithe agus bhí suirbhé ar líne mar chuid de a chomhroinneadh le breis agus 500 eagraíocht. Tríd an tuarascáil, cuireadh le creat folláine a fhorbairt d'Éirinn ar bhonn leanúnach.

Uaillmhian agus Gníomh Aeráide agus Bithéagsúlachta a Athnuachan ar Oileán Comhroinnte (Tuarascáil NESC Uimh.156):

Agus í mar chuid de bhailiúchán saothair níos leithne i ndáil le hOileán Comhroinnte, scrúdaítear sa tuarascáil NESC seo na dúshláin agus deiseanna ar leith a bhaineann le hathrú aeráide agus cailteanas bithéagsúlachta ar fud an oileáin, trí leas a bhaint as comhairliúchán fairsing le páirtithe leasmhara, thuaidh agus theas.

Comhairliúchán maidir le hOileán Comhroinnte: Dúshláin agus Deiseanna Aeráide agus Bithéagsúlachta (Sraith Rúnaíochta NESC Uimh.21):

Mar chuid den tionscadal Oileán Comhroinnte, cuireadh forléargas ar fáil sa Pháipéar Comhairliúcháin seo maidir le Dúshláin agus Deiseanna Aeráide agus Bithéagsúlachta ar an staid reatha eolais agus na cuir chuige beartais atá ann faoi láthair i leith na haeráide agus na bithéagsúlachta, in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, inar luadh beartais RA, AE agus idirnáisiúnta freisin. Trí phróiseas comhairliúcháin, ba é a bhí i gceist leis an obair tuiscint páirtithe leasmhara barrthábhachtacha a chur san áireamh agus an tuiscint sin bheith ina cuid de dhialóg agus rannpháirtíocht níos leithne maidir leis na gnéithe uile-oileáin atá i gceist leis an aeráid agus leis an mbithéagsúlacht.

Glaó an Phobail: Ag Foghlaim don Todhchaí (Sraith Rúnaíochta NESC Uimh.22):

Sa tuarascáil seo, caitear súil ar Ghlaó an Phobail, ar clár nuálach é a chuir tacaíocht chomhordaithe ar fáil do dhaoine leochaileacha agus iad ag fanacht sa bhaile le linn dhianghlasálacha Covid-19. Déantar cur síos ar an mbealach ar bunaíodh agus ar forbraíodh é, agus aithnítear ceachtanna barrthábhachtacha de chomhpháirtíocht thurgnamhach, mar a chuirtear síos air, idir rialtas náisiúnta agus áitiúil, agus an earnáil pobail agus dheonach.

Oileán Comhroinnte: An Clár Oibre maidir le Poist Mhaithe (Sraith Rúnaíochta NESC Uimh.23):

Tá poist mhaithe ag teastáil i ngach áit ar oileán na hÉireann. Cuidíonn an tuarascáil seo le roinnt saincheisteanna tábhachtacha a aithint a mbeidh tionchar acu ar chur chuige uile-oileáin a fhorbairt i leith ‘poist mhaithe’. Áirítear leo sin soghluaisteacht sa mhargadh saothair; oibriú trasteorann agus cur chuige comhordaithe i leith scileanna agus printíseachtaí.

Tosaíochtaí Beartais i leith Tithíocht agus Forbairt Uirbeach (Sraith Rúnaíochta NESC Uimh.24):

Áitíodh sa tuarascáil seo go bhfuil gníomh ceannasach ag teastáil go práinneach chun córas tithíochta mífheidhmiúil na hÉireann a dheisiú agus tithe níos inacmhainne a chur ar fáil. Tarraingíodh aird inti ar an gcaoi ar chóir gníomh a dhíriú ar an mbearna soláthair a dhruidim trí luach talún agus suímh a bhainistiú go gníomhach ar mhaithe le leas an phobail; agus an bhearna inacmhainneachta a dhruidim trí inacmhainneacht bhuan a leabú.

Oileán Comhroinnte: An Eacnamaíocht Oileáin (Sraith Rúnaíochta NESC Uimh.25):

Leagtar amach sa tuarascáil seo an méadú ar thrádáil trasteorann agus ar na naisc eacnamaíocha iomadúla atá ar an oileán. Aithnítear gur fhorbair an dá eacnamaíocht,

Thuaidh agus Theas, ar bhealaí difriúla. Chomh maith leis sin, leagtar amach sa tuarascáil na cosúlachtaí atá idir an dá eacnamaíocht.

Caidreamh Nua a Fhorbairt idir Eagraíochtaí Deonacha agus an Stát sna hEarnálacha Sláinte agus Cúraim Shóisialta (Sraith Rúnaíochta NESD Uimh.26):

Sa tuarascáil seo, breathnaítear go mion ar na hathruithe agus nuálaíocht eagraíochtúil a tharla ó chuir an ghéarchéim Covid-19 dúshlán mór roimh an earnáil sláinte agus cúraim shóisialta.

Oileán Comhroinnte: Léargas Réigiúnach ar Éirinn, Thuaidh agus Theas (Sraith Rúnaíochta NESD Uimh.27):

Is i réigiúin a tharlaíonn fás eacnamaíochta agus aithnítear sa tuarascáil seo gur trí bhreathnú ar na réigiúin ar fud an oileáin a chuidítear le deiseanna a aithint i leith comhoibriú, infheistíocht agus fás. Aithnítear go bhfuil deighilt leathan idir tuaisceart agus iarthar na tíre agus an deisceart agus an t-oirthear.

Oileán Comhroinnte: Eolas a Chomhroinnt agus Ceachtanna maidir le hAghaidh a Thabhairt ar an mBochtaineacht (Sraith Rúnaíochta NESD Uimh.28):

Tá an bhochtaineacht ina húdar imní sa dá chuid den oileán agus is é toradh na tuarascála seo gur aithníodh treochothaí bochtaineachta comhchosúla in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, agus is iad daoine nach bhfuil fostaithe, tuismitheoirí aonair agus daoine atá faoi mhíchumas is mó atá i mbaol na bochtaineachta. Luaitear freisin go bhfuil baol ard bochtaineachta i measc leanaí agus daoine óga sa dá dhlíne, go bhfuil dúshlán i gceist maidir le heisiamh digiteach, go bhfuil roinnt bochtaineacht tuaithe dhofheicthe i gceist, go bhfuil baol bochtaineachta níos mó i gceist maidir le daoine a bhfuil post ar phá íseal acu, mar aon leis na naisc idir an bhochtaineacht agus an sláinte mheabhrach.

Oileán Comhroinnte: Léargas Oileáin Chomhroinnte ar Shláinte Mheabhrach (Sraith Rúnaíochta NESD Uimh.29):

Áitítear sa tuarascáil seo go raibh an phaindéim ina léiriú go bhfuil deis ar fhorbairt a dhéanamh agus neart luacha i gceist le comhoibriú trasteorann a mhéadú i ndáil le sláinte mheabhrach. Tarraingítear aird ar na príomhréimsí ina bhfuil acmhainn i gceist, lena n-áirítear tacaíochtaí ar líne a chur ar fáil, sláinte mheabhrach a chur chun cinn, agus oiliúint agus oideachas.

Éifeachtaí Covid-19 ar Ghrúpaí Mionlaigh Eitneacha agus Imirce in Éirinn (Páipéar Taighde NESD Uimh.18):

Rinneadh cur síos sa pháipéar seo ar na bealaí a d'fhág paindéim Covid-19 gur mheasa an cás, den chuid is mó, d'imircigh agus do mhionlaigh eitneacha in Éirinn a bhí faoi mhíbhuntáiste cheana féin.

Teacht Aniar Eacnamaíochta i bPobail Inbhuanaithe: Cuir Chuige Nuálacha i gCaiteachas Poiblí chun Tairbhí Áitiúla a Uasmhéadú (Páipéar Taighde NESC Uimh.19):

Sa pháipéar seo, déantar breithniú ar fhorbairt saibhris pobail mar chatalaíoch i spásanna tuaithe, ina ndírítear go háirithe ar an ngá atá le cur chuige comhordaithe ó rialtas áitiúil chun soláthar agus cruthú post a úsáid chun saibhreas a chruthú go háitiúil.

Dúshláin agus Deiseanna do Cheantair Thuaithe na hÉireann agus don Earnáil Talmhaíochta (Páipéar Taighde NESC Uimh.20):

Aithnítear sa pháipéar seo seacht gcineál tíopeolaíochta tuaithe agus tarraingítear aird ar dhúshláin chomhchoiteanna ar nós laghdú ar líon na n-aosach óg sna ceantair seo ach chomh maith leis sin, difríochtaí i ndlús daonraí agus an t-éileamh a bhíonn ar sheirbhísí mar gheall air sin.

Inscne agus Covid-19 in Éirinn (Páipéar Taighde NESC Uimh.21):

Sa pháipéar seo, déantar iniúchadh ar an tionchar a d’imir COVID-19 ar mhná agus ar fhir de gach aois agus grúpa in Éirinn.

Cathracha a Bheidh Acmhainneach agus Inbhuanaithe go Fadtéarmach (Páipéar Taighde NESC Uimh. 22):

Sa pháipéar seo, déantar iniúchadh ar na coinníollacha a bhíonn ag teastáil chun go mbeifí in ann acmhainneacht i gcathracha agus áiteanna ar féidir maireachtáil iontu a fhorbairt.

Léargais ar Mhicrighiniúint: Rannpháirtíocht Phoiblí san Aistriú Ísealcharbóin in Éirinn (MISTRAL) (Páipéar Taighde NESC Uimh.23):

Déantar iniúchadh sa pháipéar seo ar thuairimí páirtithe leasmhara maidir le micrighiniúint de réir mar a léiríodh tríd an bpróiseas comhairliúcháin don Scéim Micrighiniúna.

Chomh maith leis sin, i gcaitheamh na bliana 2021, chuir an Rúnaíocht réimse páipéar ar fáil chun tacú le hobair leanúnach maidir leis an bpaindéim. Díríodh iad seo ar thacaíochtaí d’fhiontair, obair a luacháil, léargais iompraíochta, tithíocht, freagraí i leith an bheartais shóisialta agus téarnamh inbhuanaithe.

Thionóil NESC seacht n-imeacht sa bhliain 2021

Cruinniú Spotsholais Comhchéime: Aistriú Cóir – Acmhainneacht Tuaithe – an 12 Feabhra 2021:

Chuir obair taighde a rinne UCD agus TASC bonn eolais faoin imeacht seo chun tús a chur le comhrá tairbheach maidir le todhchaí ceantar tuaithe ilghnéitheach. Déantar cás sna tuarascálacha, i gcomhréir le beartas na hEorpa agus na hÉireann, amhail an Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (2017), ar son béim ar fhéidearthachtaí agus deiseanna: seachas béim ar mheath na tuaithe.

Cruinniú Comhchéime um Chathracha Acmhainneacha agus Inbhuanaithe a Thuiscint – an 15 Aibreán 2021

Díríodh an t-imeacht seo ar an Ráiteas Comhairle *An Téarnamh a Bhunú ar Fhorbairt Inbhuanaithe*. Ceist lárnach a ndearadh plé uirthi ab ea: cad atá i gceist le hacmhainneacht a chur san áireamh d’fhonn dul in oiriúint do gheiteanna amach anseo agus iad a shárú i ngach gné den eacnamaíocht, sochaí agus comhshaol?

Todhchaí Chóras Leasa Shóisialaigh na hÉireann – an 30 Aibreán 2021

Ba é cuspóir na comhdhála seo plé a dhéanamh ar thorthaí thuarascáil leasa shóisialaigh NESC agus ar thodhchaí na gcóras leasa shóisialaigh i gcoitinne. Labhair saineolaithe idirnáisiúnta ag an gcomhdháil, mar aon le daoine ar cuireadh de chúram orthu an córas leasa shóisialaigh reatha a chur ar fáil in Éirinn mar aon le hionadaithe daoine a dtéann an córas i bhfeidhm orthu. Chuir an chomhdháil fóram ar fáil chun smaointí nua a chlosteáil agus a phlé, moltaí a athchóiriú, ag baint leas as taithí acadúil, beartais agus saoil.

Seoladh Thuarascáil na Comhairle Uimh.154, Ionchuimsiú Digiteach in Éirinn: Nascacht, Gairis & Scileanna – an 1 Iúil 2021

Leagadh amach torthaí thuarascáil NESC le linn na comhdhála, agus éisteadh le réimse cainteoirí agus le heispéiris pobal a bhí buailte ag eisiámh digiteach. Cuireadh fóram ar fáil chun cloisteáil faoi smaointe nua agus iad a phlé agus athchóiriú a dhéanamh ar mholtaí atá nasctha le beartas um ionchuimsiú digiteach in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

Oileán Comhroinnte: Fócasghrúpaí san Iarthuaisceart – deireadh mhí Dheireadh Fómhair agus tús mhí na Samhna 2021

Chun taighde a dhéanamh don Aonad um Oileán Comhroinnte i Roinn an Taoisigh, tionóladh ceithre cheardlann chun plé a dhéanamh ar: Poist Mhaithe; Claochlú Glas; Bochtaineacht agus Sláinte Mheabhrach; agus Meicníochtaí i leith Comhoibriú.

Glao an Phobail – an 21 Deireadh Fómhair 2021

I ndiaidh pháipéar NESC inar breathnaíodh ar Ghlao an Phobail, d’óstáil an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail seimineár gréasáin chun machnamh a dhéanamh ar mar is féidir forbairt a dhéanamh ar na modhanna nua oibre seo d’fhonn beartas agus seirbhís éifeachtach a bhaint amach sa todhchaí. Bhí ról barrthábhachtach ag NESC i ndáil le tacú leis an imeacht seo.

Oileán Comhroinnte: ‘seoladh’ Aeráide agus Bithéagsúlachta – an 8 Nollaig 2021

Ghlac Eamon Ryan, T.D., an tAire Comhshaoil, Aeráide, Cumarsáide agus Iompair páirt san imeacht seo inar tugadh aghaidh ar an athrú aeráide agus ar chúrsaí bithéagsúlachta. Labhair cainteoirí eile as gach cearn den oileán faoina dtaithí chomhchoiteann, líonraí agus deiseanna i ndáil le forbairt amach anseo.

Cruinnithe Idirnáisiúnta den Chomhairle Eacnamaíoch agus Sóisialta (ESCanna) i mBallstáit AE

Ghlac NESC páirt sa chruinniú bliantúil de na Comhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta de bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (EESC). Ba é ESEC na Fraince a d'óstáil an cruinniú sa bhliain 2021. Cuireadh ar siúl i bPáras é an 22 agus an 23 Samhain agus d'fhreastail NESC go fóirúil air. Mar aon le faisnéis a chomhroinnt maidir le hobair na gcomhairlí agus maidir le staid na dialóige sóisialta agus sibhialta i ngach aon cheann de na ballstáit, pléadh ag an gcruinniú *'Daonlathas Rannpháirtíoch agus an Ról atá aige an AE a Dhéanamh Acmhainneach go Seasfadh sé an Aimsir'*.

Cruinnithe Idirnáisiúnta den líonra Eorpach de chomhairlí um fhorbairt inbhuanaithe,

Ghlac NESC páirt sa Chomhdháil Bhliantúil EEAC, *Claochlú Digiteach le haghaidh Antrapaicéineach Inbhuanaithe: Eiticíúil, Glas agus Ionchuimsitheach*, a tionóladh in Barcelona agus ar líne. Díríodh an t-imeacht ar an gclaochlú digiteach laistigh de chomhthéacs na hEorpa agus ar na saincheisteanna agus deiseanna a bhaineann leis i ndáil le forbairt inbhuanaithe. Rinneadh iniúchadh ar leith ar dhá luamhán ar gnéithe tábhachtacha den chlaochlú iad, atá lárnach do Mhargadh Glas na hEorpa agus do Straitéis Dhigiteach na hEorpa araon.

Cruinnithe NESC a tionóladh le linn na bliana 2021

Tionóladh an Chomhairle ceithre huair sa bhliain 2021; an 1 Aibreán, an 24 Meitheamh, an 30 Meán Fómhair agus an 16 Nollaig.

Rinne an Rúnaíocht roinnt cuir i láthair maidir le hobair NESC le linn na bliana 2021, glacadh páirt i réimse comhdhálacha, seimineáir agus ceardlanna agus glacadh páirt i líon coistí agus grúpaí oibre. Tugtar liosta de roinnt de na gníomhaíochtaí seo thíos.

Bhí an **Dr Larry O'Connell**, Stiúrthóir, ina chomhalta de:

- An Grúpa Comhairleach um Pleanáil Spásúlachta Muirí (MSP)
- Bord Comhairleach an Earth Institute (Leaschathaoirleach)

don chéad leath den bhliain

- An Grúpa Náisiúnta um Chomhordú Taighde Comhshaoil (NERCG)
- An Grúpa um Chomhordú Taighde Aeráide
- An Grúpa Náisiúnta um Eolas Pleanála
- Tuarascáil Measúnaithe 5 Bliana PA
- An Grúpa um Fhorfheidhmiú Bithghéilleagair

Tugadh cuireadh dó labhairt agus bheith ina phainéalaí ag na himeachtaí seo a leanas:

- Comhchoiste Oireachtais, an Bille um Thithíocht Inacmhainne, Feabhra

- An Rannóg um Staidéar Sóisialta Feidhmeach Má Nuad, MUSSI, ‘Home: A Human Right’, Aibreán.
- Rapóirtéir, Dialóg Náisiúnta Eacnamaíochta, Meitheamh
- Earth Institute UCD, ‘Cuir Chuige Idirearnálacha i leith Dúshláin Chomhshaoil’, Meán Fómhair.
- IGEEES, SPD Tithíochta, Samhain.
- Oifig Buiséid Pharlaiminteach Thithe an Oireachtais, ‘Creat Folláine’, Samhain.
- Roinn an Taoisigh, Comhdháil Taighde maidir le hOileán Comhroinnte, Nollaig.

An Dr Helen Johnston (Anailísí Sinsearach Beartais):

Le linn na bliana 2021 bhí an Dr Johnston ina comhalta de:

- An Lárionad um Staidéar Trasteorann (Cathaoirleach)
- An Grúpa Comhairleach Teicniúil um Tháscairí agus Sonraí Bochtaineachta
- An Bord um Thionscnamh Forbartha Leanaí agus Coiste Comhairleach um Thaighde Thamhlachta Thiar
- Sainghrúpa Comhairleach um Phrofáil Chomhionannais Buiséid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- Líonra agus Grúpa Stiúrtha an Lárionaid um Sheirbhísí Éifeachtacha a chur i bhfeidhm;
- Bord Fhondúireacht Katharine Howard agus
- Grúpa Comhairleach um Thaighde Focus Ireland

Tugadh cuireadh di labhairt ag na himeachtaí seo a leanas:

- An Clár um Dhochtúireacht i Rialachas ón Institiúid Riaracháin Phoiblí maidir le ‘Forfheidhmiú’, ar líne, Eanáir.
- ‘Todhchaí Chóras Leasa Shóisialaigh na hÉireann: Rannpháirtíocht agus Cosaint’, Seimineár gréasáin NERI, Márta.
- Díospóireacht Phainéil faoi Chathaoirleacht agus Ceardlann ag ‘Todhchaí Chóras Leasa Shóisialaigh na hÉireann, imeacht ar líne, Aibreán.
- ‘Creat Folláine a chur i bhFeidhm – Roinnt Smaointe’, Seimineár de chuid na Fondúireachta um Staidéir Fhioscacha maidir le Táscaire Folláine a Fhorfheidhmiú, Bealtaine.
- ‘Na Bearnaí a Líonadh ar mhaithe le Seirbhís Fostaíochta Poiblí níos Saincheaptha’, le Anne-Marie McGauran, Seoladh na Saincheiste Riaracháin Speisialta: Gníomhachtú agus Athchóiriú Leasa in Éirinn, ar líne, Bealtaine.
- An Fháilte Thosaigh ag Comhdháil Bhliantúil an Lárionaid um Staidéar Trasteorann maidir le ‘Sláinte Cúinsí a Thástáil i gcomhair Comhoibriú i ndiaidh Brexit: na comhthéacsanna sóisialta agus polaitiúla atá ag forbairt’, ar líne, Meán Fómhair.
- Cruinniú den Líonra Forfheidhmithe faoi Chathaoirleacht maidir le ‘Cathracha Acmhainneacha agus Inbhuanaithe a Fhorfheidhmiú’, ar líne, Samhain.

- ‘Ag Oscailt – Dul chun cinn Eacnamaíochta agus Sóisialta sna 1960í’, Seimineár Gréasáin de chuid Chumann na hÉireann, Samhain agus
- Ráiteas Clabhsúir ag ‘Uaillmhian i leith na hAeráide agus Bithéagsúlachta: Oileán Comhroinnte mar Chatalaíoch’, imeacht ar líne, Nollaig.

Chomhscríobh sí:

- ‘Ag Dul i dtreo Seirbhís Fostaíochta Poiblí níos Saincheaptha?’ le Anne-Marie McGauran in *Administration*, imleabhar 69, uimh. 2 (2021), lgh 107-125.

An Dr Damian Thomas (Anailísí Sinsearach Beartais):

Le linn na bliana 2021:

- Ceapadh an Dr Thomas ina Chathaoirleach den Fhoghrúpa um Phrionsabail Chomhpháirtíochta na Dialóige Sláinte (an chéad chruinniú an 17 Nollaig 2021)

Chuir sé i láthair:

- ‘Clár Oibre i leith Poist Mhaithe a Ghlacadh’ ag Seimineár Gréasáin um Mhargadh Nua d’Oibrithe Miondíola agus Bunriachtanacha ICTU an 6 Bealtaine 2021.

An Dr Cathal FitzGerald (Eacnamaí Sinsearach)

Le linn na bliana 2021, sannadh an Dr FitzGerald do Roinn an Taoisigh mar cheannasaí ar anailísíocht sonraí agus iompraíochta maidir le Covid. I gcaitheamh an ama sin, bhí sé gníomhach i gcónaí ar roinnt oibre a bhain le NESD, lena áiríodh é a bheith ina chomhalta de:

- An Grúpa Eolais um Pleanáil Náisiúnta agus
- An Fóram Comhairleach um Pleanáil Náisiúnta

Labhair sé ag na himeachtaí seo a leanas/d’fhreastail sé orthu:

- Seimineár Gréasáin ISAG maidir le Covid 19
- Seimineár UCC maidir le Dúshlán i mBainistíocht Phoiblí agus Anailís Bheartais in Éirinn
- Plé Modhnaithe IIEA leis an Aire Airgeadais agus le Príomheacnamaí an ECB
- Comhdháil LSE ‘Claochluithe Iompraíochta sa 21ú Céad’
- Comhdháil OÉ Mhá Nuad ‘Ar Theip ar Éirinn sa Triail Covid-19?’
- Imeacht de chuid Líonra Cumarsáide an Rialtais ‘Léargais Iompraíochta’
- Seoladh ‘GENSYS’ NAEC agus
- Uachtaráin agus Ard-Rúnaithe de Chomhairlí Eacnamaíochta agus Sóisialta den AE agus de Choiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa, Cruinniú Bliantúil

Niamh Garvey, Uasal (Anailísí Sinsearach Beartais):

Le linn na bliana 2021, bhí Niamh Garvey, Uasal ina chomhalta de:

- An Grúpa um Fhorfheidhmiú Bithgheilleagair
- An Grúpa Comhordaithe um Thaighde Aeráide
- An Grúpa Comhordaithe Náisiúnta um Thaighde Comhshaoil
- An Grúpa Comhairleach um Nuálaíocht Gáis
- An Grúpa Monatóireachta don Chlár Forbartha Tuaithe d’Éirinn 2014 – 2022

Tugadh cuireadh di labhairt ag na himeachtaí seo a leanas:

‘Creat folláine a fhorbairt’, Oifig Buiséid Parlaiminteach, ar líne, Samhain 2021

An Dr Anne Marie McGauran (Anailísí Beartais):

Le linn na bliana 2021 bhí an Dr McGauran ina:

- Comhlach Taighde le Lárionad Léann na nInscní agus na mBan i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus
- Comhalta den Líonra Beartais Shóisialta

Tugadh cuireadh di labhairt agus cuir i láthair a dhéanamh le:

- Baill foirne ComReg, maidir le tuarascáil NESC ar ionchuimsiú digiteach, ar líne, Deireadh Fómhair
- Comhdháil 2021 Eolas um Rialtas Digiteach maidir le hionchuimsiú digiteach, ar líne, Samhain
- Comhdháil bhliantúil EEAC, ‘Claochlú Digiteach le haghaidh Antrapaiceineach Inbhuanaithe: Eiticiúil, Glas agus Ionchuimsitheach’, ar líne, Samhain
- Líonra Beartais Shóisialta na hÉireann, maidir le tuarascáil NESC maidir le Glao an Phobail, ar líne, Samhain

Chomh maith leis sin, bhí sí ina rannpháirtí ar [phodchraoladh](#) maidir le hInscne agus Teaghlach sa Chóras Leasa Shóisialaigh do Cheartas Sóisialta Éireann.

An Dr Jeanne Moore (Anailísí Beartais):

Le linn na bliana 2021, bhí an Dr Moore ina comhalta de:

- Grúpa Oibre DECC maidir leis an Aistriú Cóir don Phlean Gnímh don Aeráid
- Coiste Comhairleach maidir leis an tionscadal EPA *Greening the City*, le Moore-Cherry and Gerard Mills (UCD) (críochnaithe i mí Iúil 2021)
- Grúpa Stiúrtha Náisiúnta EPA um Fhorléargas Taighde
- Grúpa Stiúrtha Náisiúnta EPA 5YRAR (Athbhreithniú Bliantúil Cúig Bliana ar an Aeráid) chun athbhreithniú ar an athrú aeráide a ullmhú
- Sainghrúpa Stiúrtha Meastóireachta don Scéim Tacaíochta um Fhuinneamh In-athnuaite (RESS) SEAI/DECC
- Bord Comhairleach de Lárionad DCU um Aeráid & Sochaí

Tugadh cuireadh di labhairt ag na himeachtaí/cruinnithe seo a leanas:

- Cur i láthair ag Seoladh Thuarascáil Oileán Comhroinnte NESC & Roinn an Taoisigh um an Aeráid agus Bithéagsúlacht (an 8 Nollaig)
- Cur i láthair d’Fhóram Maoinitheoirí Taighde Muirí (an 13 Nollaig)
- Cur i láthair do Choiste Beartais Chomhshaoil Ibec (an 17 Bealtaine)
- Cur i láthair ag Dialóg Aeráide agus Comhshaoil um Oileán Comhroinnte (an 5 Feabhra)
- Chuir léacht phoiblí ar fáil ‘Aistriú Cóir: Ó Bheartas go Cleachtas?’ arna óstáil ag UCD (Scoil an Pholasáí Shóisialta, na hOibre Sóisialta agus na Córa Sóisialta) Sraith Seimineár 2020-21 (an 28 Eanáir)
- Cur i láthair do Chomhchoiste Oireachtais maidir leis an gComhshaoil agus Gníomhú ar son na hAeráide (an 13 Eanáir)

An tUasal Noel Cahill (Eacnamaí)

Le linn na bliana 2021, bhí Noel Cahill ina chomhalta de Phainéal Comhairleach na Gníomhaireachta Tithíochta maidir le Soláthar agus Inacmhainneacht.

Tugadh cuireadh dó labhairt ag:

- Díospóireacht maidir le Scéim Ghinearálta an Bhille um Thithíocht Inacmhainne ag Comhchoiste an Oireachtais maidir le Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht, Feabhra
- Chuir sé ‘An bhfuil Córas Tithíochta na tíre seo ag dul i dTreo Nua atá Níos Inbhuanaithe?’ i láthair ag seimineár Eacnamaíochta agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann (IGEES) maidir leis an mbeartas tithíochta, ar líne, Samhain.

Caibidil 3

Beartais Chuntasaíochta NESDO

Beartais Chuntasaíochta

1.1.1 Coinbhinsiún an Chostais Stairiúil

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhráithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil i gcomhréir le prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo ach amháin i gcás ina luaitear a mhalairt.

1.1.2 Aitheantas Ioncaim

Aithnítear Deontas a fuarthas ó Roinn an Taoisigh sna Ráitis Airgeadais ar bhonn fáltais airgid.

Aithnítear ioncam ó Chomhdhálacha nuair a shonrasctar é. Má bhíonn an chosúlacht ar an scéal i ndiaidh sin nach bhfaighfear an t-airgead, déantar soláthar in aghaidh fiach amhrasach.

Téann NESDO i mbun tionscadail chómhaoinithe le heagraíochtaí eile a d'fhéadfadh maireachtáil níos faide ná bliain amháin. Aithnítear an t-ioncam seo ar bhonn fáltais airgid.

1.1.3 Airgeadraí Eachtracha

Déantar idirbhearta in airgeadraí nach airgeadra an euro iad a thaifeadadh de réir na rátaí atá i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheart nó ar dháta ar conradh. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid go euro ar dháta an chláir chomhardaithe nó ar dháta ar conradh. Déileáiltear le difríochtaí malartaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Cuntas Caiteachais.

1.1.4 Sócmhainní Inláimhsithe

Luaitear sócmhainní inláimhsithe ar a gcostas lúide dímheas carntha. Ríomhtar dímheas d'fhonn costas sócmhainní inláimhsithe a dhíscríobh de réir a luachanna iarmharacha measta ar feadh a saolréanna fóinteacha measta trí thráthchodanna cothroma bliantúla.

Is mar seo a leanas saolré fhóinteach mheasta sócmhainní inláimhsithe dár tagraíodh chun dímheas a ríomh:

- Troscán: 5/10 mbliana;
- Trealamh: 5 bliana.

Aoisliúntas

Tá baill foirne NESDO ina mbaill den scéim pinsin d'Fhostaithe Stáit Neamhbhunaithe. Is scéim neamhranníocach í seo do shochair phinsin scoir agus chnapshuime oifigigh. Tá ranníocaíochtaí iníoctha don Scéim Céilí agus Leanaí. Tarchuireann NESDO na ranníocaíochtaí seo chuig an Roinn Airgeadais trí Roinn an Taoisigh. Dá réir sin, níl aon dliteanas ar NESDO i ndáil le socrúithe aoisliúntais na mball foirne seo.

Le linn na bliana 2021, thug Roinn an Taoisigh beirt bhall foirne ar iasacht do NESDO. Bhí na baill foirne seo clúdaithe faoi na scéimeanna aoisliúntais atá i bhfeidhm ina Roinn faoi seach. Chúitigh NESDO na Ranna i ndáil le tuarastal, PRSI fostóra agus aoisliúntas do na baill foirne ar leith. D'fhabhraigh aisíocaíochtaí ar bhonn míosúil agus muirearaíodh iad ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe. Glacann an Roinn ábhartha freagracht as an bpárolla agus aoisliúntas i ndáil lena baill foirne atá ar iasacht chuig NESDO.

Aguisíní

Aguisín 1 Comhaltas Boird NESDO

- An tUasal Martin Fraser, Roinn an Taoisigh (Cathaoirleach)
- Elizabeth Canavan, Uasal, Roinn an Taoisigh

Príomhoifigeach NESDO, an Dr Larry O’Connell

Aguisín 2 Comhaltas Comhairle NESC

Is mar seo a leanas a ainmníodh comhaltas na Comhairle don tréimhse 2016-2022:

- An tUasal Martin Fraser (Iar-Chathaoirleach—Ar scor Bealtaine 2022)
- An tUasal John Callinan (Cathaoirleach—Ceapadh Meitheamh, 2022)
- Elizabeth Canavan, Uasal, (Leas-Chathaoirleach—Athcheaptha Meitheamh 2022)

Triúr comhaltaí ón earnáil Gnó agus Fostóirí:

- Maeve McElwee, Uasal, Stiúrthóir Caidreamh Fostóirí, Ibec
- An tUasal Tom Parlon, Ard-Stiúrthóir, CIF
- An tUasal Ian Talbot, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Chambers Ireland

Triúr comhaltaí ó Cheardchumainn:

- Patricia King, Uasal, Ard-Rúnaí, ICTU
- Tháinig an tUasal Joe Cunningham, Ard-Rúnaí, Fórsa, in ionad an Uasail Shay Cody (a chuaigh ar scor i mí Dheireadh Fómhair)
- An tUasal Kevin Callinan, Ard-Rúnaí, IMPACT

Triúr comhaltaí ón earnáil Feirmeoireachta agus Talmhaíochta:

- An tUasal Damian McDonald, Ard-Stiúrthóir, IFA
- Tháinig an tUasal TJ Flanagan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, ICOS, in ionad an Uasail John Enright, Ard-Rúnaí, ICMSA (Deireadh Fómhair)
- An tUasal Denis Duggan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Macra na Feirme

Triúr comhaltaí ón earnáil Pobail agus Dheonach:

- An Dr Seán Healy, Ceartas Sóisialta Éireann
- Brid O'Brien, Uasal, Eagraíocht na hÉireann do Dhaoine Dífhostaithe
- An tUasal James Doorley, Stiúrthóir Cúnta, Comhairle Náisiúnta na nÓg

Triúr comhaltaí ó earnáil an Chomhshaoil:

- Karen Ciesielski, Uasal, Comhordaitheoir, an Colún Comhshaoil
- Kate Ruddock, Uasal, Leas-Stiúrthóir, Cairde na Cruinne Éireann
- Oonagh Duggan, Uasal, Leascheann Rannáin: Beartas agus Abhcóideacht, Bird Watch Ireland

Ceathrar comhaltaí ón tSeirbhís Phoiblí:

- An tUasal Derek Moran, Ard-Rúnaí, An Roinn Airgeadais
- An Dr Orlaigh Quinn, Ard-Rúnaí, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
- An tUasal John McCarthy, Ard-Rúnaí, An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
- An tUasal Robert Watt, Ard-Rúnaí, An Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe

Seachtar comhaltaí neamhspleácha arna n-ainmniú ag an Taoiseach:

- An tUasal Philip Hamell, Státseirbhíseach ar scor
- An tOllamh Edgar Morgenroth, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- An tOllamh Michelle Norris, Scoil na hEolaíochta Sóisialta Feidhmí, Institiúid Geary, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- An tOllamh Paul Donnelly, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
- An tOllamh Sinead O'Flanagan, Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn
- An tOllamh Eleanor Denny, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- An tOllamh Geraint Ellis, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

Stiúrthóir NESD, an Dr Larry O'Connell

Aguisín 3 Ráitis Airgeadais arna síniú ag Bord NESDO

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2021

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Clár

	Page
Comhaltaí Boird agus Faisnéis Eile	3
Tuarascáil ón gCathaoirleach	4
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird	5–7
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach	8–9
Tuarascáil ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	10–13
Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe	14
Ráiteas maidir le Staid Airgeadais	15
Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid	16
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	17-22

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Comhaltaí Boird agus Faisnéis Eile

Comhaltaí Boird: An tUasal Martin Fraser (Iar-Chathaoirleach—Ar scor Bealtaine 2022)
An tUasal John Callinan (Cathaoirleach—Ceapadh Meitheamh, 2022)
Elizabeth Canavan, Uasal, (Leas-Chathaoirleach—Athcheaptha Meitheamh 2022)

Baincéirí: Allied Irish Bank
7/12 Sráid an Dáma
Baile Átha Cliath 2

Ceannoifig: 16 Cearnóg Parnell
Baile Átha Cliath 1

Iniúcháir: An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Tuarascáil ón gCathaoirleach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

Bunaíodh an Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO) faoin Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006, agus déanann Bord arna cheapadh ag an Taoiseach é a rialú.

Tá NESDO ina chomhlacht corparáideach don Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialach (NESC) a thugann comhairle don Taoiseach maidir le saincheisteanna beartais straitéiseacha a bhaineann le forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch, shóisialach agus chomhshaoil in Éirinn.

Tá Bord NESDO tiomanta do na caighdeáin is airde maidir le Rialachas Corparáideach agus chuir an Bord an Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm.

Tá treoirínte beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag NESDO i ndáil leis na baill foirne, coiste agus comhaltaí Boird ar fad. Cuireann NESDO na caighdeáin is airde i bhfeidhm maidir le nochtadh agus trédhearcacht i ndáil le leasanna na mball foirne, coistí agus comhaltaí Boird.

Beartas Íocaíochta – Comhaltaí Boird agus Stiúrthóirí Feidhmiúcháin

Is ag an duine céanna atá na poist mar Phríomhoifigeach NESDO agus Stiúrthóir NESC. Íoctar é i leith a phoist mar Stiúrthóir NESC agus ní fhaigheann sé luach saothair, díolaíocht ná costais bhreise i ndáil lena ról mar Phríomhoifigeach. Íoctar baill foirne ar fad NESDO agus NESC, lena n-áirítear an Príomhoifigeach/Stiúrthóir, i gcomhréir leis na ciorcláin phá ábhartha atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ní fhaigheann comhaltaí Boird NESDO agus comhaltaí Comhairle NESC aon íocaíocht/táillí.

Gnóthas Leantach

Tá an Bord ag súil le réasún go leanfar de mhaoiniú a fháil ón Roinn. Dá bhrí sin, glactar i gcónaí le gnóthas leantach mar bhonn agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú. Fuarthas an chéad tráthchuid d'Ioncam Deontais 2022 i mí Eanáir 2022.

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

Rialachas

Bunaíodh Bord na hOifige Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO) faoin Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006. Tá an Bord cuntasach don Taoiseach agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus cuireann sé an obair sin i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach cinneadh gnó barrthábhachtach. Is é an Príomhoifigeach (PO) agus bainistíocht NESDO atá freagrach as NESDO a bhainistiú, a rialú agus a threorú ar bhonn laethúil. Ní mór don PO an treo straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an mBord a leanúint agus ní mór go mbeadh tuiscint shoiléir aige ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an eintiteas, mar aon le haon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an PO mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus bainistíocht NESDO.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sa doiciméad maidir le Beartais agus Nósanna Imeachta NESDO ina bhfuil ceisteanna freisin atá coinnithe go sonrach i gcomhair chinneadh an Bhoird. Áirítear leis na míreanna buana a bhreithnigh an Bord:

- leasanna a dhearbhu,
- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha ar fheidhmíocht, agus
- ceisteanna forchoimeáda.

Faoi Alt 31(1) den Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006, éilítear ar NESDO a choinneáil, i cibé foirm a d'fhéadfadh bheith formheasta ag an Taoiseach le comhthoilú an Aire Airgeadais, na cuntais go léir is cuí agus is gnách maidir leis an airgead a fhaightear agus a chaitear.

Maidir leis na Ráitis Airgeadais seo a ullmhú, éilítear ar an mBord:

- beartais cuntasáochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas i gcás ina bhfuil sé míchuíbhíuil glacadh leis go leanfaidh sí i bhfeidhm; agus
- a lua cibé ar leanadh nó nár leanadh na caighdeáin chuntasáochta infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna Ráitis Airgeadais.

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcoinnítear taifid chuntasáochta leordhóthanacha ina nochtar, le cruinneas réasúnach in am ar bith, a staid airgeadais agus inar féidir léi a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 31(2) den Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar láithreán gréasáin NESDO.

Tá an Bord freagrach as plean agus buiséad bliantúil a cheadú. Rinneadh measúnú maidir le feidhmíocht NESDO faoi threoir an phlean agus buiséad bliantúil a chur i gcrích an 14 Meitheamh 2021.

Tá an Bord freagrach as cinnte a dhéanamh de go dtugtar cosaint leordhóthanach do shócmhainní NESDO agus go bhfuil céimeanna réasúnacha i bhfeidhm chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann na Ráitis Airgeadais de chuid NESDO léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais NESDO amhail an 31 Nollaig, 2021.

Struchtúr an Bhoird

Cuimsíonn an Bord Cathaoirleach agus Leasathaoirleach arna cheapadh ag an Taoiseach. I mí Bealtaine 2022, tháinig John Callinan (a cheapadh i mí an Mheithimh 2022) in ionad an Uasail Martin Fraser (a cheapadh ó mhí Bealtaine 2017 go mí Bealtaine 2022). Tionóltar cruinnithe Boird gach bliain nó níos minice de réir mar is gá. Ceaptar comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse atá comhthéorannach le téarma na Comhairle Náisiúnta Eacnamaíche agus Sóisialaí (NESC). Mionsonraítear sa tábla thíos an tréimhse ceapacháin do chomhaltaí reatha:

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

Comhalta Boird	Ról	An Dáta Ceaptha
Martin Fraser	Cathaoirleach	An 24 Bealtaine 2017
Elizabeth Canavan	Leaschathaoirleach	An 24 Bealtaine 2017

Bhunaigh an Bord Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC), a chuimsíonn triúr comhaltaí, lena n-áirítear beirt chomhaltaí sheachtracha. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an mBord i ndáil lena fhreagrachtaí maidir le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus ráthaíocht ghaolmhar. Tá ARC neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste go ndéantar na córais rialaithe inmheánacha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta, a mhonatóiriú go gníomhach agus go neamhspleách ach go háirithe. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord gach bliain, nó de réir mar is gá. Tuairiscíonn ARC don bhord i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Is iad comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: An tUasal Nigel Clarke (Cathaoirleach), ó mhí Márta 2021; Cillian Doyle, Roinn an Taoisigh ó mhí Meithimh 2021, agus Edna Jordan, Uasal, NESD ó mhí Márta 2021. Tionóladh 4 chruinniú ARC sa bhliain 2021.

Clár Freastail, Táillí agus Costais

Ta clár freastail ag cruinnithe Boird agus Coiste don bhliain 2021 leagtha amach thíos lena n-áirítear táillí agus costais a fuair gach comhalta:

	Bord	Táillí & Costais (€)
An Líon Cruinnithe:	1	
Martin Fraser	1	0
Elizabeth Canavan	1	0

Ní fhaigheann comhaltaí an Bhoird aon táillí ná costais.

	Coiste Iniúchóireachta & Riosca	Táillí & Costais (€)
An Líon Cruinnithe	4	
Nigel Clarke	4	0
Cillian Doyle	3	0
Edna Jordan	3	0

Nochtuithe a Éilítear faoin gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá freagracht ar an mBord a chinntiú gur chomhlíon NESDO riachtanais an Chóid Chleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), de réir mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear na nochtuithe seo a leanas faoin gCód:

Miondealú Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Déantar Sochair Gearrthéarmacha Fostaithe atá os cionn €60,000 a chatagóiriú sna raonta seo a leanas:

Réimse iomlán sochar fostaithe	An Líon Fostaithe 2021	An Líon Fostaithe 2020
€60,000-€69,999	0	1
€70,000 - €79,999	1	0
€80,000 – €89,999	2	4
€90,000 - €99,999	3	1
€100,000 - €109,999	1	2
€110,000 - €119,999	2	1
€120,000 - €129,999	0	0
€130,000 - €139,999	0	1
€140,000 - €149,999	1	0

Nóta: Chun críocha an nochtaithe seo, áirítear leis na sochair gearrthéarmacha i ndáil le seirbhísí a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais bhreis-ama agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach ní chuirtear PRSI fostóra san áireamh.

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil ó Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Is mar seo a leanas a dhéantar caiteachas ar Thaisteal agus Cothabháil a chatagóiriú:

Fostaithe	2021 (€)	2020 (€)
Intíre	-	-
Idirnáisiúnta	-	-
Daoine nach Fostaithe iad		
Intíre	-	852
Iasachta	-	-
Iomlán	-	852

Costais Chomhairliúcháin

Tá NESD páirteach i dtionscadail taighde maidir le forbairt inbhuanaithe atá tacaíthe le maoiniú ón gCiste Comhshaoil.

Tionscadal	2021 (€)	2020 (€)
Comhairliúchán um Thaighde maidir le Forbairt Inbhuanaithe	78,435	13,575

Costais agus Socruithe Dí

2021 (€)	2020 (€)
Nialas	Nialas


Caiteachas Fáilteachais

Anailís Chaiteachais	2021 (€)	2020 (€)
Fostaithe	-	527
Daoine nach Fostaithe iad	-	-
Iomlán	-	527

Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon NESDO an Cód go hiomlán sa bhliain 2021.

Signed:



John Callinan
Board Chairman

Date: 19.09.2022

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021

Raon Freagrachta

Thar ceann Bhord na hOifige Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta, aithním an fhreagracht atá orainn a chinntiú go ndéantar córas rialaithe inmheánaigh éifeachtach a choinneáil agus a chur i bhfeidhm san Oifig. Mar chuid den freagracht seo, cuirtear riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh.

An Cuspóir atá leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh leagtha amach chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas é a chur as an áireamh. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a chur ar fáil go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh mar is ceart, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó go mbraithí iad in am trátha.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a chomhaontaíonn le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais agus Athchóirithe, curtha i bhfeidhm i NESDO don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 agus suas leis an dáta a ceadáíodh na Ráitis Airgeadais.

Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta & Riosca (ARC) ag NESDO a chuimsíonn triúr comhaltaí foirne a bhfuil beirt díobh, lena n-áirítear an Cathaoirleach, ina gcomhaltaí seachtracha a bhfuil taithí mhór chorpáiríoch agus airgeadais acu in eagraíochtaí na hearnála poiblí. Tá teacht ag ARC ar sheirbhísí gairmiúla cuntasáíochta de réir mar is gá. Tionóladh ARC ceithre huairé sa bhliain 2021.

Is é an tAonad um Iniúcháireacht Inmheánach i Roinn an Taoisigh a chuireann an fheidhm iniúcháireachta inmheánaí i gcrích i NESDO thar ceann ARC NESDO. Cuirtear acmhainní leordhóthanacha ar fáil don Aonad agus cuirtear clár oibre trí bliana i gcrích a chomhaontaítear leis an gCoiste Iniúcháireachta ina gclúdaítear raon leathan réimsí den eagraíocht lena n-áirítear rialuithe inmheánacha.

D'fhorbair ARC beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina mionsonraítear ról agus freagrachtaí na mball foirne i ndáil le riosca. Eisíodh an beartas chuig na baill foirne ar fad a bhfuiltear in ionchas go n-oibreoidh siad laistigh de bheartais bhainistíochta riosca NESDO, an bhainistíocht a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí a rialú agus freagracht a ghlacadh maidir le rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir NESDO córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ina ndéantar rioscaí barrthábhachtacha a aithint agus a thuirisciú, mar aon leis na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid agus is indéanta.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá roimh NESDO agus rinneadh iad sin a aithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir na tábhachta atá leo. Déanann ARC an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú go ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Sa chlár riosca, mionsonraítear na rialuithe agus gníomhartha atá ag teastáil chun rioscaí a mhaolú agus mionsonraítear freagracht i leith rialuithe a fheidhmiú a shanntar do bhaill foirne áirithe. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- doiciméadaíodh nósanna imeachta do na próisis ghnó barrthábhachtacha ar fad,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal na bainistíochta ina bhfuil cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe cuí ann ina bhfuil buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an mbainistíocht shinsearach,
- tá córais ann a bhfuil sé mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú, agus
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla do phróisis rialaithe monatóireachta agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibhsean atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhor, nuair is ábhartha, agus go tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- aithníodh na príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na rialuithe barrthábhachtacha sin agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.
- tá socrúithe tuairiscithe i bhfeidhm ag gach leibhéal inar sannadh freagracht i ndáil le bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais ina léirítear feidhmíocht in aghaidh buiséid/réamhaisnéisí.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag NESDO chun comhlíonadh rialacha agus treoirlínte reatha maidir le soláthar a chinntiú agus go leagtar béim chuí ar dhea-chleachtas i ndáil le ceannach. Le linn na bliana 2021, meastar 2 chonradh dar luach €40,252 a bheith neamhiomaíoch agus neamhchomhlíontach toisc gur cuireadh síneadh ama leo a bhí níos faide ná dáta bunaidh an chonartha gan soláthar iomaíoch. Ghlac NESDO céimeanna chun dul i ngleic leis an neamhchomhlíontacht seo trí phróiseas iomaíoch a thabhairt chun críche maidir leis na seirbhísí seo. Tabharfar an próiseas seo chun críche sa bhliain 2022.

Tionchar Covid-19 ar an Timpeallacht Rialaithe

Deimhním gur ullmhaigh NESDO tuarascáil chun forléargas a chur ar fáil don Bhainistíocht Shinsearach agus don Choiste Iniúchóireachta maidir le tionchar Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe mar fhreagra ar an bpaindéim. Tugadh an méid seo a leanas ar aird:

- Ní dhearnadh aon athrú éigeantach ar phróisis rialaithe airgeadais lena n-áirítear soláthar a chomhlíonadh agus scaradh reatha dualgas agus údaruithe ceadaithe
- Ní dhearnadh aon athrú ar shlándáil, rochtain ná monatóiríú sócmhainní
- Ní raibh aon rioscaí breise ann maidir le hacmhainn nó slándáil an bhonneagair ICT
- Ní raibh aon tionchar ar obair an Choiste Iniúchóireachta agus an Aonaid um Iniúchóireacht Inmheánach
- Cuireadh réimse bearta breise i bhfeidhm lena n-áirítear cumarsáid a dhéanamh go rialta leis na baill foirne ar fad, tacaíochtaí folláine agus cianoibre, teacht a bheith ar sheisiúin oiliúna agus faisnéise.

Bhí na rialuithe ag feidhmiú agus níor imríodh aon tionchar ar an timpeallacht rialaithe.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag NESDO chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta i ndáil le bainistiú riosca agus rialú. Cuirtear bonn eolais faoin monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanann NESDO ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánach trí obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, obair ARC, a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus obair na bainistíochta sinsearaí laistigh de NESDO atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a choinneáil.

Deimhním gur chuir an Bord athbhreithniú bliantúil i gcrích maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2021 ar an 22 Meitheamh 2022.

Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor aithníodh aon laigí maidir le rialú inmheánach i ndáil leis an mbliain 2021 nach mór a nochtadh sna Ráitis Airgeadais.

Signed:


John Callinan
Board Chairman

Date: 19.09.2022



An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais na hOifige Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 faoi réir fhorálacha alt 31 den Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíochta agus Shóisialach, 2006. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas agus ar chúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na hOifige Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta amhail an 31 Nollaig 2021 agus ar ioncam agus chaiteachas na hOifige don bhliain 2021 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais a bhfuil feidhm leis sa RA agus in Éirinn*.

An bonn atá leis an tuairim

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) faoi mar atá fógartha ag Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin i bhfoscúibhinn na tuarascála seo. Táim neamhspleách ar an Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta agus tá mo chuid freagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán sin.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuairisc ar nithe eile seachas na ráitis airgeadais agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile chomh maith leis na ráitis airgeadais curtha i láthair ag an Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta. Cuimsítear leis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm le tuairisc a thabhairt maidir leis an eolas sin, agus ar ábhair áirithe eile lena dtuairiscím trí eisceacht, i bhfoscúibhinn na tuarascála seo.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

A handwritten signature in blue ink, appearing to read 'Mary Henry', is centered at the top of the page.

Mary Henry

Don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus thar a cheann

Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbealach a fhorordaítear faoi Alt 31 den Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíochta agus Shóisialach, 2006.
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- oiriúnacht úsáid a bhaint as bonn cuntasáiochta an ghnóthais leantaigh a mheas, agus
- rialú inmheánach dá leithéid a chinneann siad atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaos nó earráid.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de cheanglas orm faoi alt 31 den Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíochta agus Shóisialach, 2006 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na hOifige Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta agus tuairisciú chuig Tithe an Oireachtais ina leith.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á chur i gcrích agam ná teacht ar dhearbhu réasúnach ar cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíríteas ábhartha mar thoradh ar chalaos nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na ISAnna, ar mhíríteas ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráiteas eascairt ó chalaos nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus cloím le sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Lena linn sin déanaim,

- Na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, bíodh sin mar thoradh ar chalaos nó earráid a shainaithint agus a mheas; nósanna imeachta iniúchta a leagan amach agus a chur i gcrích atá freagrúil do na rioscaí sin; fianaise iniúchóireachta a fháil atá leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá riosca níos mó ann nach dtiocfar ar mhíríteas ábhartha mar gheall ar chalaos seachas mar gheall ar earráid, ós rud é go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó rialú inmheánach a shárú a bheith i gceist.
- Tuiscint a fháil ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a leagan amach atá oiriúnach sna himthosca, ach gan chun críche tuairim a

chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.

- Oiriúnacht na mbeartas cuntasáiochta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasáiochta agus na nochtuithe ábhartha a mheas.
- Oiriúnacht maidir le húsáid a bhaint as bonn cuntasáiochta a chinneadh, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, maidir le cibé acu atá éiginnteacht ábhartha ann nó nach bhfuil a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na hOifige Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta leanúint mar ghnóthas leantach. Má chinneann go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá sé de cheanglas orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe ábhartha atá sna ráitis airgeadais, nó mura leor nochtuithe dá leithéid, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Ach mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a bheith mar chúis leis an Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta scor de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Cur i láthair, struchtúr agus ábhar ginearálta na ráiteas airgeadais a mheas, lena n-áirítear nochtuithe, agus cibé an léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus na himeachtaí ar bhealach trína mbaintear amach cur i láthair atá cothrom.

Déanaim teagmháil leosan a leagtar de chúram orthu rialachais maidir le, i measc ábhair eile, scóip agus tráthúlacht an iniúchta agus fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithníim le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht chomh maith más rud é, de réir mo thuairime,

- nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- nach raibh taifid chuntasáiochta leordhóthanach ann chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go hiomchuí agus go réidh, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáiochta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní bhaineann mo thuairim a thugaim ar na ráitis airgeadais le haon fhaisnéis eile a ndéantar a chur i láthair sna ráitis sin, agus ní thugaim aon deimhniú conclúideach de chineál ar bith ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de cheanglas orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó sin an léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil

míráiteas ábhartha i gceist san fhaisnéis eile seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht. Tuairiscím má fhaighim nithe ábhartha ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgáim fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím ar aon chás ábhartha nach bhfeidhmítear airgead poiblí chun na críocha dá bhfuil sé beartaithe, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag teacht leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe


Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

Ioncam	Nótaí	2021 €	2020 €
Deontas Oireachtais	2	1,973,391	1,761,233
Ioncam Eile	3	99,973	75,645
Ioncam Iomlán		2,073,364	1,836,878
Caiteachas			
Costais Foirne	4	1,450,423	1,292,432
Sainchomhairleoireacht		78,435	13,575
Priontáil agus Foilseacháin		7,453	4,815
Taisteal agus Cothabháil	6	-	852
Comhdhála agus Seimineáir		26,395	55,706
Oiliúint		9,058	14,613
Postas, Tacsaithe & Cúirírí		694	1,207
Seirbhísí Leabharlainne		16,424	13,892
Riarachán		662	535
Táillí Gairmiúla		5,289	4,588
Táille Iniúchóireachta		10,000	9,700
Teileafón		5,572	6,914
Stáiseanóireacht		2,261	6,309
Costais IT agus Láithreáin Gréasáin		52,325	41,110
Cíos & Muirir Sheirbhíse		376,841	381,782
gnóthachan ar shócmhainní seasta a dhiúscairt		(80)	-
Dímheas	7	7,905	12,071
Caiteachas Iomlán		2,049,657	1,860,101
Barrachas/(Easnamh) don bliain roimh Leithreasuithe		23,707	(23,223)
Aistriú ón/(chuig an) gCuntas Caipitil	11	(2,650)	1,027
Barrachas/(Easnamh) don bliain tar éis Leithreasuithe Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		21,057	(22,196)
		103,172	125,368
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		124,229	103,172

Áirítear na gnóthachain agus cailteanais go léir a aithníodh sa bhliain sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

Is cuid de na Ráitís Airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid ar leathanach 12 agus na nótaí ar leathanach 13 go dtí leathanach 18.

Signed:


John Callinan
Board Chairman

Date:

19.09.2022

Signed:


Larry O'Connell
Chief Officer

Date:

19.9.22

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Ráiteas maidir le Staid Airgeadais


Amhail 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021	2020
		€	€
Sócmhainní Seasta			
Maoin, Gléasra agus Trealamh	7	22,425	19,775
Sócmhainní Reatha			
Infháiltas	8	22,822	22,825
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	10	180,121	145,556
		<u>202,943</u>	<u>168,381</u>
Dlíteanais Reatha – (Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	9	<u>(78,715)</u>	<u>(65,210)</u>
Glan-Sócmhainní Reatha		124,228	103,171
Glansócmhainní Iomlána		<u>146,653</u>	<u>122,946</u>
A Ionadaíonn do			
Cuntas Caipítíl	11	22,424	19,774
Cúlchistí Coinnithe		124,229	103,172
		<u>146,653</u>	<u>122,946</u>

Áirítear na gnóthachain agus cailteanais go léir a aithníodh sa bhliain sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid ar leathanach 12 agus na nótaí ar leathanach 13 go dtí leathanach 18.


Signed:


 John Callinan
 Board Chairman

Date:

19.09.2022

Signed:


 Larry O'Connell
 Chief Officer

Date:

19.9.22

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid


Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021

	Nótaí	2021 €	2020 €
Glan-sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Barrachas / (Easnamh) don bhliain		21,057	(22,196)
Dímheas		7,905	12,071
Brabús ar dhiúscairt		(80)	-
(Laghdú) ar infháiltais		3	21,021
Méadú ar shuimeanna iníoctha		13,505	15,225
Aistriú chuig an/(ón) gcuntas caipitil		2,650	(1,027)
Ús bainc faighte		(5)	(18)
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		45,035	25,076
Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Íocaíocht chun maoin, fearas & trealamh a fháil	7	(11,278)	(11,045)
Glan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		(11,278)	(11,045)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais			
Ús bainc faighte		5	18
Fáltais ó shócmhainní seasta a dhíol		803	-
Glan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais		808	18
Glanmhéadú ar Airgead Tirim agus Coibhéis Airgid Thirim		34,565	14,049
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir		145,556	131,507
Airgead tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim amhail an 31 Nollaig	10	180,121	145,556

Áirítear na gnóthachain agus cailteanais go léir a aithníodh sa bhliain sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid ar leathanach 12 agus na nótaí ar leathanach 13 go dtí leathanach 18.


Signed:


John Callinan
Board Chairman

Date:

19.09.2022

Signed:


Larry O'Connell
Chief Officer

Date:

19.9.22

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2021

1 Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bonn cuntasáíochta agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha a ghlac NESDO. Cuireadh i bhfeidhm go seasta iad i rith na bliana agus sa bhliain roimhe sin.

Eolas Ginearálta

Cuireadh NESDO ar bun faoin Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006, agus tá ceannoifig aige ag 16 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1.

Is mar seo a leanas príomhchuspóir NESDO, de réir mar a leagtar amach in Alt 8 den Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006:

Comhairle a thabhairt don Taoiseach maidir le gach saincheist beartais straitéiseach a bhaineann le forbairt eacnamaíoch agus shóisialach sa Stát.

Is Eintiteas Leasa Poiblí é NESDO.

Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais NESDO don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais.

Bonn Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an choinbhinsiúin costais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanas áirithe a thomhaistear de réir luachanna cothroma mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais sa bhfoirm atá ceadaithe ag an Taoiseach le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go leanúnach i gcásanna inar déileáladh le nithe a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le Ráitis Airgeadais NESDO.

Na Coimisinéirí Ioncaim

Deontas Oireachtais

Aithnítear deontas a fuarthas ó Roinn an Taoisigh sna Ráitis Airgeadais ar bhonn fáltais airgid thirim.

Ioncam Eile

Tá NESD i mbun oibre ar thionscadail taighde a dtacaítear leo trí mhaoiniú ón gCiste Comhshaoil. Aithnítear an t-ioncam seo nuair a shonrasctar é.

Téann NESDO i mbun tionscadail chómhaoinithe le heagrais eile a d'fhéadfadh leanúint ar aghaidh níos faide ná bliain. Aithnítear an t-airgead seo ar bhonn fáltais airgid thirim.

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2021

Airgeadraí Eachtracha

Taifeadtar idirbheartaíochtaí in airgeadraí seachas an euro ag na rátaí atá i bhfeidhm ar dháta na n-idirbheartaíochtaí nó ar dháta ar conradh. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais go euro ar dháta an chláir chomhardaithe nó ar dháta ar conradh. Déileáiltear le difríochtaí malairte sa Ráiteas Ioncaim agus sa Chuntas Caiteachais.

Maoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ar chostas lúide dímheas carntha, atá coigeartaithe maidir le haon soláthar do laige. Cuirtear dímheas ar fáil maidir le gach maoin, gléasra agus trealamh, seachas talamh ruilse agus obair ealaíne, ag rátaí a mheastar chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh ar bhonn líne dírí thar a saolré fhóinteach mheasta mar seo a leanas:

- (i) Troscán: 10 bliain
- (ii) Trealamh: 5 bliain

Léiríonn luach iarmharach an tsuim mheasta a gheofaí ó shócmhainn a dhiúscairt, i ndiaidh costais mheasta na diúscairthe a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn ag an aois agus sa riocht a bheifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáideach cheana féin.

Má tá fianaise oibiachtúil ann i dtaobh laige i luach sócmhainne, aithnítear cailteanas laige sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

Sochair d'Fhostaithe

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair gearrthéarmacha, mar saoire le pá mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a thabhaítear ag deireadh na bliana sa bhfigiúr 'Suimeanna Iníochta' sa Ráiteas maidir le Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Le ceadú ó Roinn an Taoisigh agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, rinne gach ball foirne ball den scéim pinsin d'Fhostaithe Stáit Neamhbhunaithe díobh féin faoin mbliain 2015. Is scéim neamh-ranníocaíochta í seo do phinsean scoir agus sochair chnapshuime an oifigigh féin. Tá ranníocaíochtaí iníochta i leith na Scéime Céilí agus Leanaí. Íocann NESDO na ranníocaíochtaí seo chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Dá réir sin, níl aon dliteanas ar NESDO i leith socrúithe aoisliúntais na mball foirne seo.

Le linn na bliana 2021, thug Roinn an Taoisigh beirt bhall foirne ar iasacht do NESDO, thug an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ball foirne amháin ar iasacht chuig NESDO (go dtí mí an Mhárta 2021), thug an Roinn Sláinte ball foirne amháin ar iasacht chuig NESDO agus thug an Roinn Gnóthaí Eachtracha ball foirne amháin ar iasacht chuig NESDO. Bhí na baill foirne seo cumhdaithe ag na scéimeanna aoisliúntais atá i bhfeidhm ina Roinn féin faoi seach. Chúitigh NESDO na Ranna i leith tuarastail, ÁSPC an fhostóra agus aoisliúntas na mball áirithe foirne. Fabhraíodh aisíocaíochtaí ar bhonn míosúil agus íocadh iad i leith an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchiste Coimeádta Ioncaim. Is é an Roinn ábhartha atá freagrach as párolla agus aoisliúntas na mball foirne atá ar iasacht ag NESDO.

Breithiúnais Agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasíochta

D'fhoill na ráitis airgeadais a ullmhú ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le sócmhainní agus dliteanais amháil dháta an chláir chomhardaithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le hioncam agus le caiteachas i gcaitheamh na bliana. Is é nádúr na meastachán, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhrí a bheith éagsúil ó na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a raibh tionchar acu ar na suimeanna a aithnítear sna Ráitis Airgeadais.

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2021

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag an bPríomhoifigeach ar shaolré sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gach aicme sócmhainne seasta agus go háirithe saolré eacnamaíoch fhóinteach agus luachanna iarmharacha daingneán agus feistí agus cinneadh go bhfuil saolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

2 Íostarraingt Ioncaim Deontais Oireachtais

	2021	2020
	€	€
Íostarraingt Ioncaim Deontais Oireachtais ¹	<u>1,973,391</u>	<u>1,761,233</u>

¹ Foinse Ioncaim – Leithdháileadh ó Vóta 2 Roinn an Taoisigh Fo-mhírcheann A3 chuig NESDO. Mar chomh-chomhlacht NESDO (de réir mar a leagtar amach san Acht um an Oifig Náisiúnta a d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006), íocann NESDO as caiteachas NESC.

3 Ioncam Eile

	2021	2020
	€	€
Ioncam Tionscadail ²	99,968	75,627
Ús bainc	<u>5</u>	<u>18</u>
	<u>99,973</u>	<u>75,645</u>

² Fuarthas suim €99,968 7 ón gCiste Comhshaoil sa bhliain 2021.

4 Costais Foirne

	2021	2020
	€	€
Pá agus tuarastail	1,327,433	1,189,171
Costais Leasa Shóisialaigh	<u>122,990</u>	<u>103,261</u>
	<u>1,450,423</u>	<u>1,292,432</u>
Ba é meánlíon na bhfostaithe agus leithdháileadh ECF le linn na bliana:	<u>18</u>	<u>17</u>

Asbhaineadh €67,331 san iomlán (2020: €57,252) de thobhach pinsin ó bhaill foirne a íocadh le Roinn an Taoisigh. Fuair Príomhoifigeach NESDO, atá ina Stiúrthóir NESC freisin, €143,872 (2020: €135,209) mar luach saothair i ndáil lena ról mar Stiúrthóir NESC don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021. Ní bhfuair an Príomhoifigeach luach saothair, díolaíocht ná costais bhreise i ndáil lena ról mar Phríomhoifigeach NESDO. Mar Stiúrthóir NESC, fuair sé nialas in 2021 (2020: €103) i ndáil le taisteal oifigiúil agus cothabháil

de réir Chiorclán 07/2009 na Roinne Airgeadais.

Áirítear le Pá agus Tuarastail fabhrú Pá Saoire €31,601 (2020 – €44,972).

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2021

5 <u>Sochair Scoir</u>	2021	2020	
	€	€	
Áirítear i bpá agus tuarastal i nóta 4 an méid seo a leanas:			
Rannócaíochtaí fostaithe le Roinn an Taoisigh i ndáil le baill foirne	28,234	23,983	
6 <u>Taisteal agus Cothabháil</u>	2021	2020	
	€	€	
Taisteal agus Cothabháil ³	-	852	
	-	852	
3. Lena n-áirítear costais a aisíoc le comhaltaí Chomhairle NESC a bhaineann le freastal ar chruinnithe den Chomhairle.			
7 <u>Maoin, Gléasra agus Trealamh</u>	Trealamh	Troscán	Iomlán
	€	€	€
<u>Costas</u>			
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2021	249,566	178,994	428,560
Suímeanna Breise	11,278	-	11,278
Diúscairtí	(1,436)	(4,623)	(6,059)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2021	259,408	174,371	433,779
<u>Dímheas</u>			
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2021	235,921	172,864	408,785
Muirear don bhliain	7,249	656	7,905
Diúscairtí	(1,436)	(3,900)	(5,336)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2021	241,734	169,620	411,354
<u>Glanluach de réir na Leabhar</u>			
Amhail an 31 Nollaig 2021	17,674	4,751	22,425
Amhail an 31 Nollaig 2020	13,645	6,130	19,775

An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (NESDO)

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhlain dar Chríoch an 31 Nollaig 2021

8 <u>Infháltais</u>	2021	2020
	€	€
Réamhíocaíochtaí	22,822	22,298
Féichiúnaithe eile	-	527
Rialú féichiúnaithe	-	-
	<u>22,822</u>	<u>22,825</u>
9 <u>Suimeanna iníoctha</u>	2021	2020
	€	€
Creidiúnaithe trádála	24,524	4,767
Cánacha agus costais shóisialta	817	934
Fabhruithe	53,374	59,509
	<u>78,715</u>	<u>65,210</u>
10 <u>Airgead Tirim agus Coibhéisí</u> <u>Airgid Thirim</u>	2021	2020
	€	€
Cuntais Reatha	38,329	35,062
Cuntas reatha	141,722	110,287
Airgead ar láimh	70	207
	<u>180,121</u>	<u>145,556</u>
11 <u>Cuntas Caipitil</u>	2021	2020
	€	€
Iarmhéideanna amhail an 1 Eanáir	19,774	20,801
<i>Aistriú chuig Ioncam agus Caiteachas</i>		
Ioncam a úsáideadh chun Sócmhainní Seasta a cheannach	11,278	11,044
Amúchadh i gcomhréir le dímheas	(7,905)	(12,071)
Scaoilte ar shócmhainní seasta a dhiúscairt	(723)	-
	<u>2,650</u>	<u>(1,027)</u>
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	<u>22,424</u>	<u>19,774</u>

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2021

12 Áitreabh ina lonnaitear NESDO

Tá NESDO lonnaithe in áitreabh amháin atá suite ag 16 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1. Tógann NESDO an t-áitreabh seo ar cíós ar bhonn bliantúil ó Oifig na nOibreacha Poiblí agus níl sé ceangailte le léas. Íocadh cíós € 322,329 agus muirir sheirbhíse €54,512 i ndáil leis an mbliain 2021.

13 Nochtuithe Páirtithe Gaolmhara

Ghlac comhaltaí Boird NESDO nósanna imeachta i gcomhréir le treoirínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ó chomhaltaí den Bhord agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana. Deimhním nach raibh aon idirbheart i gceist sa tréimhse maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird lenar bhain aon leas tairbhiúil leo do chomhaltaí Boird.

Tá Comhairle NESD (comh-chomhlacht NESDO) ina chomhlacht comhairleach amháin gan aon fheidhmeanna feidhmiúcháin agus tá struchtúr ar leith ann lena chinntiú go ndéantar ionadaíocht ar leasanna earnála barrthábhachtacha.

Tá príomhphearsanra bainistíochta in NESDO comhdhéanta den Phríomhfheidhmeannach agus comhaltaí den bhord. Ní bhfuair príomhphearsanra bainistíochta luach saothair, díolaíocht ná costais bhreise i ndáil lena ról in NESDO.

Feidhmíonn NESDO agus NESD araon faoin Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006, ina bhfuil foráil maidir le leasanna a nochtadh.

14 Paindéim Covid-19

Aithníonn an Oifig um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta go bhfuil paindéim Covid-19 ina teagmhas suntasach. Measann NESDO an teagmhas seo a bheith ina theagmhas iarchláir chomhardaithe i ndáil lena Ráitis Airgeadais 2021 agus cuireadh paindéim Covid-19 san áireamh ina phróisis agus oibríochtaí foriomlána maidir le bainistíocht riosca in 2021 agus ina meastacháin anonn go 2022.

Tá NESDO sásta gur féidir leis leanúint dá fheidhmeanna a chomhlíonadh agus go mbeidh an maoiniú riachtanach aige i gcónaí chun é sin a chumasú. Tá NESDO den tuairim gur féidir lena hoibríochtaí leanúint ar aghaidh ar bhonn an ghnóthais leantaigh ina gclúdaítear an tréimhse dhá mhí dhéag ón dáta a síníodh Ráitis Airgeadais 2021.

15 Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh Bord NESDO na ráitis airgeadais an 22 Meitheamh 2022.

